C/2024/4534

16.7.2024

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11552 — TOTALENERGIES / OQ SAOC / MARSA LIQUEFIED NATURAL GAS JV)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2024/4534)

1. An 4 Iúil 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— TotalEnergies EP Oman Development B.V. ('TEEPOD', an Ísiltír), faoi rialú TotalEnergies SE ('TTE', an Fhrainc),

— OQ SAOC (Óman), faoi rialú Rialtas Óman via trí Údarás Infheistíochta Óman (Óman),

— Marsa Liquefied Natural Gas LLC ('Marsa LNG', Óman).

Gheobhaidh TEEPOD agus OQ SAOC rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Marsa Liquefied Natural Gas LLC ('Marsa LNG') ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá TEEPOD gníomhach go príomha i leachtú gáis agus i dtáirgeadh ola in Óman. Is cuideachta fuinnimh dhomhanda é TTE atá gníomhach go príomha i dtáirgeadh agus díol ola agus bithbhreoslaí, gáis nádúrtha agus gás glas, foinsí fuinnimh in-athnuaite, agus leictreachais,

— Is cuideachta fuinnimh dhomhanda é OQ SAOC atá gníomhach i dtaiscéalaíocht agus táirgeadh ola, gáis agus peitriceimiceach.

3. Is iad na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag Marsa LNG tionscadal buncaeireachta gáis nádúrtha leachtaithe in Óman a fhorbairt, a thógáil agus a oibriú, tionscadal a sholáthróidh gás nádúrtha leachtaithe mar bhreosla do shoithí mara.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11552 — TOTALENERGIES / OQ SAOC / MARSA LIQUEFIED NATURAL GAS JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË